V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10433 – VIVENDI / LAGARDERE)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 423/07)

1. An 24 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Vivendi S.E. (“Vivendi”, an Fhrainc), faoi rialú ghrúpa Bolloré;

— Lagardère S.A. (“Lagardère”, an Fhrainc).

Faigheann Vivendi rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Lagardère ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 21 Feabhra 2022.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa meán é Vivendi, grúpa atá gníomhach go príomha sna hearnálacha foilsitheoireachta, teilifíse saorchraolta agus teilifíse a n-íoctar aisti, soláthair seirbhísí ceannaigh spás fógraíochta agus fógraíochta, preasa, soláthair agus óstála ábhair físe ar an Idirlíon agus taibhealaíon, sa Fhrainc go príomha,

— Is grúpa é Lagardère atá gníomhach go príomha sna hearnálacha foilsitheoireachta, miondíolta taistil, craoltóireachta, preasa agus meán (lena n-áirítear an fhógraíocht), taibhealaíon agus siamsaíochta, sa Fhrainc go príomha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10433 – VIVENDI / LAGARDERE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË